

❖ An Lúibín ❖

31 Márta 2019

Á dtógáil le Gaeilge

‘Is deacair a thuiscint conas a shílfi gurbh fhearr an saol a bheadh agam murach gur le Gaeilge a tógadh mé’ – an teideal atá ar alt le Fachtna Ó Drisceoil ar *Tuairisc.ie*.¹ Baineann seo leis an argóint idir daoine a deir gur tríd an gcaint a choinnítear an dé sa teanga agus na daoine a shíleann nach fiú Gaeilge a labhairt sa bhaile mura Gaeilge gan locht í. Déanann Fachtna an teanga a chomhcheangal le leac an teallaigh, cé gur iomaí Gaeilgeoir nach fiú leo é. Tá Gaeilge níos fearr ag a pháistí féin, dar leis, ná mar atá ag an 99% de pháistí na hÉireann nach bhfuil á dtógáil léi.

De réir mar a rachaidh siad in aois, beidh corrdhuine eisceachtúil nár tógadh le Gaeilge a bhainfidh amach caighdeán Gaeilge níos airde ná iad, ach fós féin beidh Gaeilge níos fearr acu ná b’fhéidir 98% de phobal na tíre. Beidh ar a gcumas cairdeas a dhéanamh trí Ghaeilge agus caidrimh ghrá a bheith acu trí Ghaeilge, beidh ar a gcumas oibriú trí Ghaeilge, beidh ar a gcumas éisteacht le RTÉ Raidió na Gaeltachta, breathnú ar chláracha Gaeilge ar TG4 (gan fotheidil) agus *Tuairisc.ie* a léamh. Féadfaidh siad tabhairt faoi *Cré na Cille* más mian leo (le foclóir, dála a n-athar). Nó féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan aon cheann acu sin a dhéanamh agus dul i muinín an Bhéarla líofa a bheidh acu do na réimsí saoil sin go léir. Is acu a bheidh an rogha, rogha nach mbeadh acu murach gur tógadh le Gaeilge iad.

Is beag duine in Éirinn, mar a dúradh thuas, a thógann clann le Gaeilge. Tá an céatadán ag ísliú sa Ghaeltacht féin, nó sa chuid bheag di ar fiú Gaeltacht a thabhairt uirthi. Gaeilgeoirí an chuid is mó de na cainteoirí líofa agus ar scoil seachas sa bhaile a fuair siad a gcuid den teanga. Ní i gcónaí a thógann siad a gclann féin le Gaeilge.

Cuimhnimis arís ar na figiúirí mar a léirigh an Daonáireamh iad in 2016.² Dúirt 73,803 duine gur labhair siad Gaeilge gach lá, agus ní raibh ach 20,586 ina gcónaí sa Ghaeltacht. (Admhaítear gur iomaí duine d’aos óg na Gaeltachta a labhraíonn Béarla amháin lena gcairde - os cionn 60%, más fíor.) I mBaile Átha Cliath a bhí an chuid is mó de na cainteoirí laethúla – 14,903 (20.2% den iomlán). É de bhuntáiste ag Gaeilgeoirí líofa go mbíonn a lán acu níos oilte ná an choitiantacht agus céim ag 49% díobh le hais 28% den daonra i gcoitinne.

Agus seo figiúirí nach maith an tuar don teanga iad: ní dúirt ach 3,740 múinteoir bunscoile agus náiscoil (7.8%) go labhair siad Gaeilge gach lá lasmuigh den scoil (ag cuimhneamh go bhfuil os cionn 30,000 múinteoir ag an leibhéal sin). Dúirt 1,849 (4.4%) gur labhair siad an teanga go seachtainiúil. Ní deacair a dhéanamh amach cá mhéad Gaeilge a bheadh ag a gcuid eile.

Is léir, i bhfianaise na bhfigiúirí thuas, go bhfuil dianghá le teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge mar theanga bhaile. Is iad na scoileanna lán-Ghaeilge is mó a chothaíonn an teanga, ach is deacair iad a bunú faoi láthair agus ar éigean atá múinteoirí cáilithe le fáil. Ár gcomhairle féin an teanga a úsáid cois tinteáin má tá líofacht ar bith agat, in Éirinn nó ar an gcoigríoch, agus gan a bheith ag tnúth le togha na teanga. Cá mhéad cainteoir dúchais Béarla a bhfuil Béarla gan cháim acu?



¹ <https://tuairisc.ie/is-deacair-a-thuiscint-conas-a-shilfi-gurbh-fhearr-an-saol-a-bheadh-agam-munar-le-gaeilge-a-togadh-me/>

² <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/ilg/>

PARADISEC

Is gearr ó chualamar Nick Thieberger ag caint i leabharlann áitiúil in Melbourne. Teangeolaí é agus Ollamh Cúnta, agus tá sé ag obair le cainteoirí teangacha Bundúchasacha ó ochtóidí na haoise seo caite i leith. In 2003 chabhraigh sé le PARADISEC a bhunú, cartlann dhigiteach de thaifid eitneagrafacha. Cuibhreannas trí ollscoil is ea PARADISEC – Ollscoil Melbourne, Ollscoil Sydney agus Ollscoil Náisiúnta na hAstráile.

Thosaigh Nick an chaint le roinnt figiúirí: tá timpeall 7,100 teanga á labhairt ar fud an domhain agus tá 70% acu á labhairt i ndeich dtír. Tá níos lú ná 100,000 cainteoir ag an gcuid is mó acu. Níl taifeadadh déanta ach ar fhíorbheagán de na teangacha atá ann, agus is minic droch-chaoi ar théipeanna agus eile. Tá réigiún an Aigéin Chiúin dubh le teangacha draíochtúla agus léargas iontu ar éagsúlacht iontach. Ní mór taighde a dhéanamh agus an méid atá déanta cheana a thabhairt slán.

Soláthraíonn PARADISEC (*Pacific and Regional Archive for Digital Sources in Endangered Cultures*) acmhainní chun caomhnú digiteach a dhéanamh agus ábhar atá i mbaol as gach cearn a chur ar fáil. Faoi láthair is é an príomhchuspóir atá ag an bhfoireann a chaomhnú atá i mbaol a mheata, go háirithe téipeanna ó na caogaidí agus na seascaidí. Tá a lán idir lámha acu:

- Oiliúint i mbainistíocht sonraí, modhanna taifeadta agus nascadh sonraí
- Catalóg a chur ar bun
- Cur síos caighdeánaithe ar an ábhar a bhféadfadh innill chuardaigh Open Archives Initiative é a bhailiú chun go mbeadh teacht go hoscailte air
- Samhlacha a dhéanamh a thaispeánann conas sonraí athúsáidte a chruthú
- Caomhnú taca agus sonraí a sholáthar d'fhorais chultúrtha sa réigiún
- Taifid as gach cearn (na Stáit, an tSile agus Meicsiceo san áireamh) a choinneáil

Dúirt Nick nach mór a chuimhneamh gur furasta le hardáin dhigiteacha dul i léig agus gur gá iad a athnuachan go rialta sula gcailltear a bhfuil orthu, rud a chaithfead a dhéanamh gach cúig bliana nó mar sin.

Tá roinnt cuntas ar na bailitheoirí ar an suíomh. Orthu sin, mar shampla, tá Calvin agus Ruth Roesler, beirt a chaith trí bliana is daichead ina misinéirí i bPapua na hIndinése agus iad ag obair leis an bpobal Asmat sna riasca ar chósta an deiscirt. Bhailigh siad eolas antrapeolaíoch, chum siad litriú don teanga agus d'aistrigh an Tiomna Nua. Tá ceithre théip is caoga dá gcuid i gcuasach PARADISEC – roinnt mhór béaloidis, roinnt nótaí teangeolaíochta, agus amhráin. Tá tráchtas ann, dréacht gramadaí, agus an Tiomna Nua in Asmaitis, leabhar a d'fhoilsigh Cumann Bíobla na hIndinése in 1985. Sampla amháin as an iliomad.

Suíomh PARADISEC: paradisec.org.au.



Ag faire na Síneach

Is iomaí tuairisc ann ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSín maidir le faire leictreonach: é de chuspóir aici tomhas a dhéanamh ar aghaidh agus ar chorp gach duine sa tír, an t-eolas sin a thaifeadadh i mbunachar ollmhór sonraí agus uimhir chreidiúna sóisialta a nascadh le gach taifead. Má dhéanann tú rud nach ceart, caillfidh tú creidiúint; má iompraíonn tú thú féin mar shaoránach cóir, gnóthóidh tú pointí. Fágann sin, má tá dhéanann tú rudaí nach dtaitníonn leis na húdarais, go bhfuil siad i gcumas tú a choinneáil sáinnithe i ngéibheann i d'árasán féin, gan trácht ar a lán pionós eile.

Dealraíonn sé go bhfuil pobal na tíre sásta leis an scéal, tríd is tríd: cuirfead srian le coireanna agus drochiompar, beidh saol níos sábháilte agus níos compordaí acu. Más den dream drochintinneach thú atá tugtha don ghearán, is i gcuideachta cairde a dhéanfaidh tú de ghnáth é – cairde a bhfuil lánmhuinín agat astu.

Déanaimis machnamh ar aigne an Stáit úd. Pé locht is féidir a fháil ar argóintí an iriseora agus saineolaí John Garnaut (fear a bhfuil a rian ar chuid mhór den díospóireacht faoin tSín) ní deacair a bheith ar aon aigne leis i dtaobh na heagla atá ar cheannairí na tíre go n-imeoidh an réimeas Cumannach le sruth mar a d'ímigh gach ríora roimhe.³ Chun teacht roimh an tubaiste seo, ní mór iompar an phobail a chur in oiriúint do chuspóirí an Stáit. Is gá idir áitiú agus bagairt a úsáid chuige seo, agus is fearr an t-áitiú. Tá an Stát ag baint tairbhe as iltiomsú sonraí⁴ agus anailís chun iompar na ndaoine a stiúradh. Ciallaíonn seo go bhfuil an Stát ag ceangal intleacht shaorga (réimse a bhfuil an tSín chun tosaigh ann) agus an fhaireachais le chéile trí chlár na creidiúna sóisialta. Tá ceamaráí ar fud na háite sna cathracha go háirithe, iad do do scrúdú agus do do mheas. Beidh sainaithe agus saineolas ag an Stát ort.

Cuid suntais é an fonn atá ar chomhlachtaí meán sóisialta agus tráchtála leictreonaí sa tSín dul i gcomhar leis an rialtas. Ní cuid iontais é agus sinn ag cuimhneamh ar chaipitleachas státstiúrtha na tíre: tá leas an Pháirtí ag brath ar rath an gheilleagair. Is iontach an méid eolais atá le fáil ar dhuine i dtaifead na rudaí a cheannaigh sé.

Is féidir an méid seo a rá gan súil a dhúnadh ar an ngaisce a rinne an Stát: an oiread sin daoine a tharraingt as an mbochtanas, oideachas a chur orthu, an t-infrastruchtúr a neartú, aghaidh a thabhairt (faoi dheireadh) ar a lán fadhbanna timpeallachta. Ach tá 'fadhbanna' ann nárbh fhurasta do na húdaráis iad a smachtú go dtí seo: aighneas agus easaontú. Múinteoirí ag dul ar stailc, feirmeoirí ag déanamh agóidí i gcoinne ansmacht údarás áitiúil, iriseoireacht iniúchach (i.e. ró-iniúchach), scríbhneoirí nach gcloíonn le cuspóirí an Pháirtí. Anois tá deis ag an Stát comhaontas a bhaint amach – 'complete unity between state, society and individual,' mar a deir Garnaut.

Chinese leaders have always believed that power derives from controlling both the physical battlefield and the cultural domain. You can't sustain physical power without discursive power.

Ceist ar leith is ea cás na 'mionlach náisiúnta' – na hUigiúraigh, na Tibéadaigh agus eile. Cothaíonn a leithéidí inní i gcroí an Stáit le heagla roimh an easaontas (fiú má admhaítear gur de mhuintir na háite cuid mhór den lucht slándála agus de na feidhmeannaigh sna réigiúin sin). Tá an rialtas ar a mhíle dícheall ag bailiú sonraí géiniteacha ó na hUigiúraigh agus á nascadh lena n-uimhreacha aitheantais. Brú agus bagairt gan stad. Ach tá an ceart acu siúd a deir go ngéaraíonn an drochíde seo faltanas agus fearg i measc na ndaoine.⁵ An dúthracht á sárú féin.

Ní baol don rialtas na Han, pobal mór na Síne, i ngeall ar mhídhílseacht. Is féidir leis an rialtas tabhairt orthu féinchinsireacht a imirt orthu féin agus an chuid is mó acu a mhealladh le gealltanas an ghustail nó mórtas náisiúnta. Ní féidir, áfach, meall mór aon-intinneach a dhéanamh díobh: tá an indibhidiúlacht chéanna iontu is atá i ndaoine eile.

Agus bíonn na heasaontóirí ann, daoine a chuireann ceisteanna mí-chuí agus a dhéanann iniúchadh dá réir, cumadóirí nach gcreideann gur ceart an ealaín a choinneáil faoi chuing chrua an Stáit. Caithfidh a leithéidí a bheith glic, seiftiúil, misniúil. Ní deacair iad a bhacadh ar shlíte éagsúla; iad a chur faoi chois ar fad, sin scéal eile.

Féach:

- 'Engineers of the Soul: what Australia needs to know about ideology in Xi Jinping's China,' caint a thug Garnaut mar chuid den Asian Strategic and Economic Seminar Series.
<https://nb.sinocism.com/p/engineers-of-the-soul-ideology-in>
- 'Managing the State: Social Credit, Surveillance and the CCP's Plan for China,' alt le Samantha Hoffman in *China Brief*, Volume: 17 Issue: 11 (2017)
<https://jamestown.org/program/managing-the-state-social-credit-surveillance-and-the-ccps-plan-for-china/>

3 Tá Sínis ar a thoil ag Garnaut agus chaith sé tamall de bhlianta mar chomhfhreagraí eachtrach sa tSín. É ina údar aitheanta ar ghnóthaí na tíre sin.

4 Big data collection.


5 Tuairisc le Human Rights Watch: <https://www.hrw.org/news/2017/12/13/china-minority-region-collects-dna-millions>

- 'Exposing China's Digital Dystopian Dictatorship,' Foreign Correspondent, ABC
https://www.youtube.com/watch?v=eViswN602_k



Tíortha nár chuala tú trácht orthu: 2. Moresnet Neodrach

Níl Moresnet (fuaimniú: *morznê*) Neodrach ann anois; ach mhair sé os cionn céad bliain, idir 1816 agus 1920. Is é an t-aon chríoch amháin a tharraing Esperanto chuici mar theanga náisiúnta é, rud a rinneadh i ndeireadh ré na críche. Agus fáisceadh Moresnet Neodrach sa chéad dul síos as mianra neamhchoitianta – an tsinc.



Moresnet Neodrach
Wikimedia Commons

Is í seanchríoch Moresnet an áit a dtagann an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Bheilg le chéile. (Tá dhá shráidbhaile ann a bhfuil 'Moresnet' orthu ach nár chuid de Moresnet Neodrach iad.) Tháinig sí ann i ndeireadh chogaí Napoléon, nuair a chruinnigh na cumhachtaí móra le chéile i Vín in 1814 chun socrú ar theorainneacha nua. Bhí teorainn le tarraingt idir Ríocht Aontaithe na hÍsiltíre, stát a bunaíodh go gearr roimhe sin, agus Ríocht na Prúise. Ach bhí fadhb ann - mianach sinse. Bhí éileamh ag an Ísiltír agus ag an bPrúis araon ar shinc – úsáideadh í chun prás a dhéanamh, i measc rudaí eile. Rinneadh chomhréiteach: críoch neodrach a bhunú a bheadh á riar ag Ríocht na Prúise (ní raibh Gearmáin aontaithe ann ag an am) agus ag Ríocht Aontaithe na hÍsiltíre (nó ag an mBeilg tar éis di siúd éirí neamhspleách ar an Ísiltír in 1830). Comhthiarnas, mar sin.

Bhí Moresnet Neodrach leagtha amach mar chineál triantáin, i réigiún a raibh *Platduutsj*, canúint den Ghearmáinis, á labhairt. Rinne beirt choimisinéir, duine ón bPrúis agus duine ón Ísiltír (nó ón mBeilg níos déanaí) an chríoch a riar, agus iadsan a cheapadh an méara. Ba é an méara a cheap bail na comhairle áitiúil (a thosaigh in 1859) agus cibé coistí a bhí ann. Ní raibh ceart vótála ag aon duine. Bhí na cánacha íseal go leor agus ní raibh tairifí iomportála ann. Ní raibh a cuid airgid féin ag Moresnet ar dtús agus baineadh feidhm as airgead de chuid na Fraince, na Prúise (nó na Gearmáine tar éis 1871), na Beilge agus na hÍsiltíre. In 1848 thosaigh daoine ag úsáid airgead áitiúil, cé nár tugadh aitheantas oifigiúil dó.

Ní raibh ach 256 duine ina gcónaí ann in 1815, ach bhí 2,275 ann in 1858 agus 4,668 in 1914. An mhianadóireacht is mó ba chúis leis an méadú seo. Bhí formhór an phobail ar fostú ag comhlacht mianadóireachta Vieille Montagne, comhlacht a raibh tithe, siopaí, ospidéal agus banc aige. Rinne an Bheilg agus an Phrúis seirbhísí eile, leithéid an phoist, a sholáthar. Bhí a lán fear ag cur fúthu in Moresnet Neodrach chun seirbhís míleata a sheachaint i dtíortha eile, ach in 1854 thosaigh an Bheilg ag coinscríobh saoránaigh dá cuid sa chríoch agus rinne an Phrúis amhlaidh ón mbliain 1874 amach. As sin amach níor tugadh díolúine mhíleata ach do shliocht na chéad áitritheoirí.

In 1886 rinne an Dr Wilhelm Molly (1838–1919), príomhdhochtúir an mhianaigh, iarracht ar sheirbhís áitiúil phoist a chur ar bun agus stampaí dá cuid féin aici, ach níor thaitin sin leis na Beilgigh. (Bhí an-suim ag an

dochtúir i stampaí.) Cuireadh casino ar bun in 1903 ach dúnadh é tar éis tamaill toisc nár thaitin sé le Wilhelm II na Gearmáine. Bhí tionscal beag eile ann agus gin-bhiotáille á dhéanamh ag trí dhrioglan sa chríoch; níor choisic aon duine é sin.

Ansin d'éirigh grian gheal an Esperanto, teanga bhinn dea-eagraithe a chum L.L. Zamenhof in 1887 mar *lingua franca* domhanda agus ar chuir scata idéalaithe chun cinn í sna blianta ina dhiaidh sin.⁶ Leithéid Moresnet, bhí sí neodrach. In 1908 mhol an Dr Molly go ndéanfaí stát labhartha Esperanto de Moresnet Neodrach agus d'fhoghlaim cuid de mhuintir na críche an teanga. D'fhógair Comhdháil Dhomhanda Esperanto (agus í ar siúl in Dresden ag an am) gurbh é Moresnet Neodrach príomhionad domhanda an phobail Esperanto.

In 1914 thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda. Shealbhaigh na Gearmánaigh Moresnet Neodrach ach d'imigh siad i ndeireadh an chogaidh. In 1919 réitigh Conradh Versailles scéal an chomhthiarnais. Tugadh Moresnet Neodrach don Bheilg, conradh a tháinig i bhfeidhm in 1920, agus tugadh ainm nua air: Kelmis.

Tá Kelmis ina chuid de phobal Gearmáinise na Beilge anois, ach tá comharthaí teorann na seanchríche fós ann.




Kelmis mar atá sé inniu
Wikimedia Commons



An Timpeallacht

Gáis a cheapann teasa

Cuid den ghnáthchaint anois na gáis úd a cheapann nó a choinníonn teas sa spás idir droim an domhain agus an chuid is airde den atmaisféar. Is beag duine, áfach, a d'fhéadfadh an feidhmiú a bhaineann leo a mhíniú. Seo léargas.



Iarmhairt na ngás ceaptha teasa
Wikimedia Commons

⁶ <https://ga.wikipedia.org/wiki/Esperanto>

I ndáiríre, cuireann siad fuinneamh amach i ngach treo, agus spréitear cuid den fhuinneamh sin síos i dtreo go dtéitear an Domhan. Murach sin, ní bheimis beo. Ach is mór an baol é an iomarca teasa, ós é sin a fhágann i ngreim an téimh dhomhanda sinn.

Faigheann an Domhan fuinneamh ón ngrian (radaíocht ultraivialit, shofheicthe agus infridhearg). Frithchaitheann scamail agus an t-atmaisféar cuid mhaith den fhuinneamh sin (timpeall 26%) amach chun an spáis arís, agus súnn siad timpeall 19% den chuid eile. Buailéann a bhfuil fágtha den fhuinneamh sin droim an Domhain agus frithchaithear arís mar radaíocht infridhearg é. Ach ní éiríonn leis éalú amach chun an spáis.

Go simplí, is é an fáth atá leis seo go dtagann fuinneamh na gréine mar radaíocht ar féidir le cuid di dul tríd an atmaisféar chomh fada leis an Domhan. Is faide na tonnfhaid atá le fáil sa radaíocht a chaithear ar ais ón Domhan, rud a bhfuil baint aige le dromchla an Domhain a bheith níos fuaire ná an ghrian. Is furasta le gáis an atmaisféir radaíocht na dtonnfhaid sin a shú agus a astú ar ais, rud a mhéadaíonn an teas atá ceaptha os cionn an Domhain.

Seo na gáis cheaptha teasa is raidhsiúla agus iad liostáilte de réir a méid: gal uisce, dé-ocsaíd charbóin, meiteán, ocsaíd nítriúil, ózón, clórafluoracarbóin, hidrafluoracarbóin.



Féadann tú teacht ar a lán alt faoi ghnéithe den eolaíocht i nGaeilge ar an Vicipéid: ga.wikipedia.org. Tá borradh gan stad faoina méid, agus tá cead ag aon Ghaeilgeoir cur leo, iad a cheartú nó a mholadh go scríobhfaí ceann nua.

Tá tábhacht leis an obair seo, mar nach féidir teanga fhíorfhónta a dhéanamh den Ghaeilge mura bhfuil fáil ag léitheoirí ar ábhar a bhaineann le gach gné den saol. Ní leor feidhm a bhaint aisti mar theanga litríochta nó ghnáthriseoireachta: caithfidh sí aghaidh a thabhairt ar shaibhreas agus ar dhiamhair na heolaíochta.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leagan simplithe

Á dtógáil le Gaeilge

'Is deacair a thuiscint conas a shílfi gurbh fhearr an saol a bheadh agam murach gur le Gaeilge a tógadh mé' - an teideal atá ar alt le Fachtna Ó Drisceoil ar *Tuairisc.ie*.

Tá argóint ar siúl idir na daoine a deir go gcithfidh tú Gaeilge a labhairt sa bhaile chun í a choinneáil beo agus daoine eile a deir nach ceart Gaeilge a labhairt sa bhaile mura Gaeilge gan locht í. Deir Fachtna gur ceart í a labhairt sa bhaile, cé nach ndéanann gach Gaeilgeoir é sin. Deir sé go bhfuil rogha ag daoine a tógadh le Gaeilge: a saol a chaitheamh trí Ghaeilge nó é a chaitheamh trí Bhéarla amháin. Beidh siad in ann a lán rudaí fiúntacha a dhéanamh trí Ghaeilge, rudaí nach féidir le mórán Éireannach a dhéanamh.

Ach is beag duine in Éirinn a thógann clann le Gaeilge. Tá an céatadán ag ísliú sa Ghaeltacht féin.

Tá figiúirí suimiúla le fáil sa Daonáireamh Éireannach ón mbliain 2016. Ní dúirt ach timpeall 73,000 duine gur labhair siad Gaeilge gach lá. Ní raibh ach timpeall 20,000 duine acu ina gcónaí sa Ghaeltacht. I mBaile Átha Cliath a bhí an chuid ba mhó de na cainteoirí laethúla - timpeall 15,000 duine. Is dócha go labhraíonn an chuid is mó de dhaoine óga sa Ghaeltacht Béarla eatarthu féin.

Ní labhraíonn ach roinnt an-bheag múinteoirí Gaeilge lasmuigh den scoil gach lá ná gach seachtain. Ar éigean a bheadh an chuid eile líofa.

Is iad na scoileanna lán-Ghaeilge is mó a choinníonn an Ghaeilge beo faoi láthair. Ach ní furasta iad a bhunú faoi láthair agus is deacair múinteoirí líofa a fháil. Má tá tú reasúnta líofa is ceart duit Gaeilge a labhairt sa bhaile.

Dhá dhán le Colin Ryan

Uaigneas

D'fhág tú an teach go bhfaighfeá lóistín eile
áit nach mbuailfeadh púca isteach
ag déanamh múin i gcúinne
ag iarraidh dí

fuair tú dídean
in áit a raibh tú cheana
cé nár aithin tú na soithí
gan ní sa doirteal
an neach a bhí sínte faoi shúsa

is an púca amuigh
ag siúl na sráide is uaigneas air
ag cnagadh ar dhoirse
ag druidim leat ó theach go teach
ag druidim leat is tart air

Cathair

An chathair ag cúlú
uaithi féin
na héin ina scáthanna
ar na cosáin

filíocht gan filí
á ríomh ag an ngaoth

í ag cuardach
cultacha
i dtithe folamha
gan a tomhas le fáil
in éide ar bith